Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15663/23**

**ENV 1334**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 17 Samhain 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 709 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh arna dtabhairt don Choimisiún de bhun Threoir 2002/49/CE maidir le torann timpeallachta a mheasúnú agus a bhainistiú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 709 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 709 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.11.2023
COM(2023) 709 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh arna dtabhairt don Choimisiún de bhun Threoir 2002/49/CE maidir le torann timpeallachta a mheasúnú agus a bhainistiú**

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN**
**CHUIG AN GCOMHAIRLE AGUS CHUIG PARLAIMINT NA HEORPA**
**maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh arna dtabhairt don Choimisiún de bhun Threoir 2002/49/CE maidir le torann timpeallachta a mheasúnú agus a bhainistiú**

## 1. RÉAMHRÁ

Le Treoir 2002/49/CE a bhaineann le torann timpeallachta a mheasúnú agus a bhainistiú ([1]) (dá ngairtear 'an Treoir um Thorann Timpeallachta' anseo feasta) leagtar síos rialacha chun cur chuige comhchoiteann a bhunú lena mbeartaítear na héifeachtaí díobhálacha, lena n-áirítear crá agus suaitheadh codlata, arb iad teagmháil le torann timpeallachta is cúis leo, a sheachaint, a chosc nó a laghdú, ar bhonn tosaíochta.

Chuige sin, ceanglaítear leis an Treoir go ndéanfaí an teagmháil le torann a mheasúnú trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht chéanna ar fud an Aontais. Sainmhínítear na modhanna sin in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir. Dá bhrí sin, ní mór an Iarscríbhinn sin a choinneáil cothrom le dáta i leith forbairtí teicniúla, lena n-áirítear coigeartuithe chun ceartú a dhéanamh ar an modh atá ann cheana maidir le hearráidí arna sainaithint ag úsáideoirí deiridh.

Le hAirteagal 12 den Treoir um Thorann Comhshaoil, cumhachtaítear an Coimisiún le gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 12a chun Iarscríbhinní áirithe a oiriúnú, lena n-áirítear Iarscríbhinn II, i gcomhréir leis an dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch.

Foráiltear le hAirteagal 6(2) go '*g[c]umhachtaítear an Coimisiún le gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 12ae lena leasaítear Iarscríbhinn II chun chun modhanna comhchoiteanna measúnuithe a bhunú chun* $L_{den}$ *agus* $L_{night}$ a chinneadh.'

## 2. BUNÚS DLÍ

Éilítear an tuarascáil seo faoi Airteagal 12a den Treoir um Thorann Timpeallachta. Faoin Airteagal sin, tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh ar feadh tréimhse 5 bliana ón 26 Iúil 2019. Ceanglaítear ar an gCoimisiún freisin tuarascáil a ullmhú maidir le cumhachtaí tarmligthe, 9 mí ar a dhéanaí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana.

I gcomhréir le hAirteagal 12a(2), déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú ar bhonn intuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh fadú den sórt sin – tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

---

[1] *IO L 189 18.7.2002, lch. 12, arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 1137/2008 an 22 Deireadh Fómhair 2008, Treoir (AE) 2015/996 ón gCoimisiún an 19 Bealtaine 2015, Rialachán (AE) 2019/1010 an 5 Meitheamh 2019, Rialachán (AE) 2019/1243 an 20 Meitheamh 2019, Treoir (AE) 2020/367 ón gCoimisiún an 4 Márta 2020 agus Treoir Tharmligthe (AE) 2021/1226 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2020.*

## 3. AN TARMLIGEAN A FHEIDHMIÚ

Le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an tuarascáil seo, ghlac an Coimisiún gníomh tarmligthe amháin, is é sin Treoir Tharmligthe (AE) 2021/1226 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2020[2].

Leis an treoir tharmligthe sin leasaíodh Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir um Thorann Timpeallachta, chun í a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil. Is é sin, leis an leasú ar Iarscríbhinn II tugadh cothrom le dáta an modh chun leibhéil torainn a ríomh, lena soláthraítear sonraí teicniúla maidir leis na nósanna imeachta, leagtar síos na foirmlí agus lena dtugtar na luachanna ionchuir is gá chun na leibhéil torainn atá díobhálach do shláinte an duine agus don chomhshaol a ríomh.

Le linn dó an treoir tharmligthe a ullmhú, chuaigh an Coimisiún i gcomhar le saineolaithe teicniúla agus eolaíochta na mBallstát chun measúnú a dhéanamh ar na hoiriúnuithe a raibh gá leo agus an dul chun cinn teicniúil agus eolaíochta á chur san áireamh le linn torann timpeallachta á ríomh. Cuireadh an próiseas sin i gcrích i ndlúthchomhairle leis an nGrúpa Saineolaithe um Thorann, atá comhdhéanta de Bhallstáit, geallsealbhóirí an tionscail, údaráis phoiblí na mBallstát, eagraíochtaí neamhrialtasacha, saoránaigh agus daoine ón saol acadúil.[3]

[2] *IO L 269, 28.7.2021, lgh. 65–142*

[3] Féach go hairithe an 12ú agus an 13ú cruinniú den Ghrúpa Saineolaithe um Thorann: https://ec.europa.eu/transparency/expert-groups-register/screen/meetings/consult?lang=en&meetingId=19771&fromExpertGroups=2809; https://ec.europa.eu/transparency/expert-groups-register/screen/meetings/consult?lang=en&meetingId=22455&fromExpertGroups=2809